
# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**21 Márta 2024** || Eagrán 188

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Dáta don dialann...



# PARÁID LÁ'L PÁDRAIG

Tháinig an ghrian amach in am don pharáid sa Spidéal agus tháinig daoine ó chuile thaobhde de Chois Fharraige chun é a fheiceáil. Naomh Pádraig (John Lesh) agus Naomh Bríd (Síle Mc Crann) a bhí ar cheann na paráide. Chruthaigh clubanna áitiúla, eagraíochtaí agus fiú roinnt bailte flótanna, CLG An Spidéil, Cumann Camógaíochta Chois Fharraige,
Croílíne Chois Fharraige, Dance Concepts agus Bánú ina measc. Bhí an -bheocht sa tsráidbhaile tar éis na paráide idir óg agus níos sine i measc sna sluaite a tháinig chuig an bparáid. Ba iad an Coiste Turasóireachta, faoi choimirce Chomhlacht Forbartha an Spidéil a bhí i mbun an eagrúcháin. An Coileach agus Baile an tSléibhe a fuair an duais don bhflót ab fhearr, NA ROTHAIR; Baile Éamoinn don bhfót ba bharúla, HAWKEYE. Croílíne Chois Fharraige a fuair an duais don eagraíocht/gnó ab fhearr, NA DRUMAÍ. Bronnadh duais ar Bhuistéara Uí Fhéinneadha as an siopa áitiúil ab fhearr ó thaobh maisithe de.






# DOMHNACH AN IÚIR I GCILL ÉINDE

**Beidh "Ag bun na Croise" ar siúl i gCill Éinde sa Spidéal an Domhnach beag seo ag 7.30 i.n. Canfar iomainn thraidisiúnta na Páise aguis na Cásca ina n-iomláine, léifear sleachta ón Sean agus an Nua Thiomna agus aithriseofar paidreacha ón dúchas. Cuireadh tús leis ócáid seo roinnt blianta ó shin áit a gcruinníonn an pobal thart ar an gcrois álainn a dhear Imogen Stuart agus atá le taobh na haltóra i gCill Éinde le réiteach a dhéanamh ar Dhomhnach an Iúir don tSeachtain Mhór. Is ócáid mhachnamhach, socair í a eagraíonn Pobal Chill Éinde agus cuirtear fáilte roinh chách!**



# GASÚIR LE GAEILGE AG SPRAOI LENA CHÉILE

"Baby sensory nó "céadfaí leanaí/páistí", aon ghníomhaíocht a spreagann aon cheann de na cúig chéadfaí trí spraoi! Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa seo spás a chur ar fáil do pháistí chun an saghas spraoi seo a spreagadh gach seachtain trí mheán na Gaeilge.

Beidh na seisiúin ar siúl in Indreabhán sa bhfoirgneamh atá taobh thiar de Chomhar Chreidmheasa Sailearna. Is socrú sealadach é seo go fóill.

Beidh na seisiúin ar siúl maidin Dé Máirt ón 9.30-10.45r.n don aois ghrúpa 0-6 mhí agus maidin Dé Céadaoin 9.30-10.45 r.n don aois ghrúpa 6 mhí - 12 mhí. Ní theastaíonn ach tú féin agus do bhaibín, pluid bhog agus aon rud a bheadh uait chun éadaí a athrú, beathú srl.

Beidh tae agus caife ar fáil freisin más mian libh sos beag. Tá súil go gcuirfear tús leis na seisiúin seo tar éis bhriseadh na Cásca ach faoi láthair tá an grúpa ag fanacht le líon na rannpháirtithe a dheimhniú mar sin má tá aithne agat ar aon duine a mbeadh spéis acu ann, cuir an seoladh ríomhphoist seo ar aghaidh chucu.

gasuirlegaeilge@gmail.com



# SEACHTAIN NA GAEILGE I SCOIL ÉINNE

**Bhí coicís lán le himeachtaí, cuairteoirí agus comórtais i Scoil Éinne sa Spidéal le linn Sheachtain na Gaeilge. Cuireadh tús tús bríomhar leis na himeachtaí nuair a tháinig Colm Jimmy Ó Curraoin agus Corn Uí Riada ar cuairt chun na scoile.**



**Chas Colm agus an múinteoir Mairéad Ní Fhlatharta cúpla amhrán agus d'inis siad stair na n-amhrán chomh maith. Tháinig beirt scríbhneoirí áitiúla Gemma Bhreathnach agus Fearghas Mac Lochlainn ar cuairt, léigh siad sleachta as a gcuid leabhair agus mhínigh siad an próiseas a leantar chun leabhar a scríobh agus a chur i gcló. Bhí an-bhród ar Rang a 1 agus Rang a 2 fáilte a chur roimh Mhamónna agus Dhaideonna chun na scoile agus chuir siad taispeántas ceoil agus rannta ina láthair.**

**Reáchtáladh comórtais ealaíona, Gaeilge agus bhí an-choimhlint idir na scoláirí ag an Tráth na gCeist Boird. Cuireadh críoch spleodrach leis na himeachtaí le Céilí Mór agus Tionól scoile lán de cheol, dánta agus damhsa. Bhí siad siúlach le linn na seachtaine chomh mhaith, bhí Rang a 4 i mBaile Átha Cliath, áit ar ghlac siad páirt i mBleaist Eolaíochta. Fuair Rang a 1 cuireadh chuig seit Ros na Rún agus bhí Rang a 3 iad féin ag aisteoireacht i Halla na Cathrach ag Coirm Gael-linn.**

# CEARDLANN SMIDEADH

Tá Ceardlann Smideadh le Caroline Ní Chonaire á óstáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Foram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an gCéadaoin 3 ú Aibrean @ 2 i.n.. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin imeacht, chomh maith le d'áit a chur in áirithe ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig meadhbh@tuismitheoiri.ie Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus ní mór cloí leis seo.

# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luathbhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo.










Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do oibrithe Iarscoil. Níl cáilíocht cúram leanaí ag teastáil don Iarscoil. Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com

# EAGARTHÓIR LE FUTA FATA

Tá Futa Fata ag foilsiú leabhair ar ardchaighdeán do pháistí ón mbliain 2005, agus is iomaí gradam atá buaite ag a gcuid foilseachán thar na blianta, Gradam Réics Carló agus Gradaim de chuid KPMG Leabhair Pháistí Éireann ina measc. Ó 2021 i leith, foilsíonn FutaFata leabhar nó dhó in aghaidh na bliana freisin do dhaoine fásta faoin inphrionta 'Barzaz'. Tá siad sa tóir ar eagarthóir! Ní mór d'iarrthóirí Curriculum Vitae, mar aon le litir iarratais, a sheoladh chuig:eolas@futafata.ie Dé hAoine, 22 Márta 2024 @ 5i.n. an spriocdháta d'iarratais. Reáchtálfar na hagallaimh an tseachtain dar tús 22 Aibreán 2024. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphosta sheoladh chuig eolas@futafata.ie.

# FOLÚNTAIS LE COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá Comharchumann Shailearna ag lorg iarratais ar phost mar Riarthóir Oifige. Beidh an té a cheapfar freagrach as obair riaracháin a bhaineann leis na seirbhísí agus imeachtaí a bhíonn ar siúl sa Seanscoil. Is post páirtaimseartha 19.5 uair sa tseachtain atá ann. Ní mór Gaeilge líofa a bheith ag na hiarrthóirí. Tá an Comharchumann sa tóir ar Bhainisteoir Tograí chomh maith. Duine cruthaitheach, tionscantach atá ag teastáil. Beidh an té a cheapfar freagrach as plean oibre agus gníomhaíochtaí na Seanscoile a fheimhmiú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag sailearna@gmail.com nó glaoch ar 091 399199 . Le hiarratas a dhéanamh, seol iarratas chomh maith le cóip de do CV chuig 'An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna Teo, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh 5 i.n. ar an Aoine 29 Márta.

# Gailf Sóisearach Uachtar Árd

# Lá Oscailte

## *An bhfuil suim ag do ghasúr i ngailf?*

## Cé do é seo?

**U12 Buachaillí agus Cailíní** ag lorg spórt nua agus chun cairde nua a dhéanamh



### Ar an lá

- Turas clubtheach
- Cluiche fada
- Smiotadh & Amasú
- Sólaistí
- Roghanna leantacha

### Eolas:

Áit : Galf Chumann Úachtar Árd

Dáta: 23-Márta-2024

Am: 13:00 - 15:00

- Bí ann luath
- Trealamh curtha ar fáil

OUGHTERARD GOLF CLUB